

Cad is Téamh Domhanda ann?

Is éard atá sa téamh domhanda ná an méadú taifeadta ar mheánteocht atmaisféar agus fharraigí an domhain.

Tríd is tríd, aontaítear go dtarlaíonn formhór an téimh sin toisc **ghníomhaíochtaí an duine**.

Cad is Iarmhairt Cheaptha Teasa ann?

Tháinig an téarma iarmhairt cheaptha teasa ó choincheap an teasa a chruthaítear i dteach gloine - teach a thógtar chun plandaí a fhás ann.

Gabhann an teach gloine solas na gréine agus coisceann sé an teas ó éalú amach. Tá sé breá te teolaí laistigh den teach gloine.

Ar an gcaoi chéanna a ghabhann an ghloine sa teach gloine teas gabhann an t-atmaisféar an teas atá cóngarach don domhan.



Is éard atá san atmaisféar ná ciseal tanaí de gháis mórtimpeall an domhain.

Gabhann gáis áirithe san atmaisféar - m.sh. dé-ocsaíd charbóin, meatán agus gal-uisce - an fuinneamh ón ngrian.

Feidhmíonn na gáis nádúrtha cheaptha teasa mar a bheadh blaincéad mór mórtimpeall an domhain, á choinneáil te.

Is féidir le daoine tuilleadh de na gáis cheaptha teasa a chruthú agus ar an gcaoi seo gabhann an t-atmaisféar tuilleadh teasa.

Dá bharr seo ardaíonn teocht an domhain, agus tarlaíonn Téamh Domhanda mar thoradh air.

Tá eolaithe ag rá go **leanfaidh na teochtaí ag ardú** má leanaimid ag méadú na méideanna de gháis cheaptha teasa a chuirimid san atmaisféar.

Torthaí an Téimh Dhomhanda

Tá téamh domhanda dochrach don chomhshaol.

Tarlaíonn feiniméin aimsire dá bharr cosúil le tuilte agus triomaigh.

Toisc oighearshruthanna a bheith ag leá ardóidh leibhéal na farraige agus ní bheifear ábalta maireachtáil ar mhachairí ar an gcósta.

Déanfaidh sé seo dochar do bharraí agus don soláthar bia.

Brúfar roinnt speiceas amach as a ngnáthóga nádúrtha agus beidh an baol ann go n-éagfaidh speicis áirithe go hiomlán. Mar shampla, an béal bán.

Cad is cúis le téamh domhanda?

Ón Réabhlóid Tionsclaíoch i leith bhí gás cheaptha teasa á scaoileadh isteach san atmaisféar.

Na nithe is mó a chruthaíonn an fhadhb seo ná **díchoilltiú** agus **dó breoslaí iontaise**.

Tá an domhan 5 bhiliún bliain d'aois agus d'athraigh aeráid an domhain diaidh ar ndiaidh, leis na mílte bliain.

I gcás an athraithe aeráide a bhfuil cur amach againne air tharla sé le linn na 50 bliain atá díreach imithe thart.

Tá teocht an domhain tar éis ardú faoi 1°C sna 100 bliain seo caite agus meastar go n-ardóidh sé 2- 6° C sa chéad atá le teacht.

Conas is féidir linn cuidiú?

Déanann athruithe beaga sa teocht cur isteach i ndáiríre ar an gcothromaíocht sa domhan agus is féidir le gníomhartha beaga laethúla gás cheaptha teasa a chruthú. Is féidir linn cuidiú ar na bealaí seo a leanas:

Caomhnaigh fuinneamh




Athchúrsáil



Múch do theilifís

Foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid



Crainn a chur



Níos lú feola a ithe



Aon smaointe eile?
